



Óráid leis an Uas. Seán Canney T.D.,
An tAire Stáit um Oifig na n-Oibreacha Poiblí
agus Faoiseamh Tuile

Seoladh ‘Bí Ullamh don Gheimhreadh’

An tIonad Náisiúnta Comhordaithe
Éigeandálaí

Baile Átha Cliath

9 Samhain 2016

Brollach

Tá an-áthas orm a bheith in éineacht le mo chuid Comh-Airí inniu agus muid ag seoladh fheachtas ‘Bí Ullamh don Gheimhreadh’ an Rialtais.

Cé go leagtar béim inniu ar fheasacht a chruthú i measc daoine agus pobal chun go mbeidís ag pleanáil agus ag ullmhú i gcomhair an gheimhridh, tugtar deis freisin sibh a chur ar bhur n-eolas faoi phleananna infheistíochta an Rialtais chomh maith lena chuid ullmhúchán chun déileáil le riosca tuilte, atá ar cheann de na téamaí le haghaidh fheachtas na bliana seo.

Infheistíocht an Rialtais suas go dtí Seo

Tá Éire ullmhaithe níos fearr ná mar a bhí riamh chun déileáil le riosca tuilte mar gheall ar an méid mór infheistíochta a rinneadh i ndéileáil le tuilte. I measc na ngnéithe den infheistíocht sin tá:

- le 37 mórscéim um chosaint ó thuilte a tugadh chun críche, mar a chonacthas an Geimhreadh seo caite, cuirtear cosaint ar fáil do 7,000 aonad réadmhaoine .
- rinneadh 5,000 aonad réadmhaoine eile a chosaint ó thuilte áitiúla trí 400 tionscadal a rinneadh faoi Scéim Mionoibreacha an OPW. Tá 200 tionscadal eile faofa do mhaoiniú.

- Tá 650,000 acra de thalamh talmhaíochta cosanta tríd an gcothabháil sceidealaithe ar 11,500 km de chainéil abhann ag an OPW faoi na hAchtanna um Dhraenáil Artaireach.
- Trí Threoirlínte um Pleanáil cuirtear cosc ar thógáil ar chriosanna tuile ó 2009.

Ón nGeimhreadh seo caite, tá an OPW tar éis dlús a chur lena chuid acmhainní chun mórscéimeanna um chosaint ó thuilte a thabhairt chun críche. I mbliana tá buaicmhéid de 12 mhórscéim ag an gcéim thógála agus tá 23 scéim eile ag an gcéim deartha forbartha. Ina measc tá scéimeanna i nDroichead na Bandan, i gCrois Mhaoilíona agus i mBaile Chláir na Gaillimhe.

Ón nGeimhreadh seo caite, rinne saineolaithe Dúitseacha tagarmharcáil ar ár gcuid cur chuige i dtreo bhainistíocht riosca i gcás tuilte agus tháinig siad ar an gconclúid go bhfuil sé ar aon dul le dea-chleachtas idirnáisiúnta agus ar an mbóthar ceart.

Táthar ag baint leas mór, ó thaobh 12,000 aonad réadmhaoine a chosaint, as infheistíocht an Rialtais in oibreacha caipitil ar luach €480m ó bhí an bhliain 1995 againn. Meastar gurb é an tairbhe

eacnamaíoch don Stát ó thaobh dochair agus cailteanas ná tuairim is €1.2 billiún.

Chomh maith leis an tsábháilteacht le haghaidh teaghlach agus gnóthas, táthar ag baint torthaí an-dearfacha as an infheistíocht seo ó thaobh fháil chumhdach árachas tuile, rud a mhéadaigh go suas go 89% i gceantair chosanta.

Tá an OPW agus an Roinn Airgeadais fós ag obair as lámh a chéile, ar bhonn ráithiúil, le Insurance Ireland.

Tá an tionscal árachais agus an Stát ag obair i dteannta a chéile chun féachaint ar níos mó bealaí le fáil árachais a mhéadú. I mbliana thug lucht an tionscail gealltanais dom go ndéanfaí machnamh ar an riosca a bhaineann, dar leo, le cosaintí in-díshuite agus chuige sin tá an OPW ag cur le chéile na faisnéise sonraí a theastaíonn uathu.

CFRAM

Tá bearta indéanta um fhaoiseamh ó thuilte aitheanta anois chun cosaint a thabhairt do nach mór gach aonad réadmhaoine a bhíonn i mbaol ó thuilte i gceantair i mbaol. Tá sa sonraí leagtha amach i 29 nDréachtphlean um Bainistíocht Riosca Tuile a d'fhoilsigh mé ó mhí Iúil na bliana seo caite le haghaidh comhchomhairle leis an bpobal.

D'oibrigh an OPW le pobail agus leanann sé ar aghaidh ag obair leo. Reáchtáladh beagnach 500 lá comhchomhairle pobail faoin gClár CFRAM. Ag na himeachtaí sin, chuir na foirne CFRAM i láthair na léarscáileanna, na saincheisteanna, na roghanna agus na bearta molta le plé le daoine, ar bhonn pearsanta, ina gcuid pobal féin. Tógadh san áireamh tuairimí daoine agus chabhraigh siad le teacht ar an méid atá molta anois sna dréachtpheleananna.

Glacadh na bearta struchtúracha sna Pleananna chun achoimre a thabhairt ar dhearadh agus mar gheall orthu, laghdófar an t-am a bheidh ag teastáil le scéimeanna um chosaint tuile a chur i bhfeidhm amach anseo. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh go laghdófaí an meánfhad ama le scéimeanna a chríochnú faoi suas go 2 bhliain.

Céim mhór chun tosaigh iad na Pleananna seo maidir le cabhrú leis an Rialtas cinntí infheistíochta eolacha a dhéanamh faoi bhainistíocht riosca i gcás tuilte. Léirítear gealltanas an Rialtais chun leanúint ar aghaidh ag tacú le faoiseamh ó thuilte i soláthar €430 milliún do Bhainistíocht Riosca Tuilte sa Phlean Infheistíochta Caipitil 2016 go 2021.

Ar bhonn bliantúil méadófar an leithdháileadh d'oibreacha cosanta ó thuilte níos mó ná faoi dhó ó €45m go €100m in aghaidh na bliana.

An Grúpa Idir-Rannach

Sna Pleananna um Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le bearta neamhstruchtúracha agus tugtar tacaíocht don chur chuige uile-Rialtais a glacadh chun déileáil le bainistíocht riosca i gcás tuilte.

Is mise a dhéanann cathaoirleacht ar an nGrúpa Comhordaithe Idir-Rannach um an Beartas i leith Tuilte. Díreach inné, d’fhaomh an Rialtas tuarascáil dul chun cinn an Ghrúpa.

Thug an Rialtas faoi deara an dul chun cinn maidir leis an raon leathan beartas agus beart a bhfuiltear ag machnamh orthu a bhfuil ina measc:

- d’aontaigh an Grúpa Oibre um Chomhordú Gníomhaireachtaí Stáit maidir le Riosca Tuilte na Sionainne triail a bhaint as na leibhéil locha a ísliú i Loch Aillionn agus fáil réidh le caolas abhann agus dreideáil a dhéanamh ar an tSionainn, mar ghealltanais eile chun feabhas a chur ar ghníomhaíochtaí comhordaithe ag na Gníomhaireachtaí Stáit ábhartha,
- dul ar aghaidh le scéimeanna píolótacha an Rialtais

- chun tacú leis an bPlean um Chosaint Maoine Daoine Aonair agus aontaíodh ar an bplean um bhunú Seirbhíse Náisiúnta um Réamhaisnéis Tuile i Met Éireann i gcaitheamh na ndeich mbliana amach romhainn agus tá tús curtha le hobair chun an tseirbhís a thosú.

D'aontaigh an Rialtas inné freisin scéim spriocdhírthe aon uaire, an Scéim um Athlonnú Sealbhóirí Tí, a thabhairt isteach do na príomháiteanna cónaithe úd a chuaigh faoi uisce an Geimhreadh seo caite agus a buaileadh ag tuilte sna blianta roimhe sin. Scéim cúnaimh dhaonnúil atá ann atá dírithe ar chinntiú go mbeidh príomháiit chónaithe ag na sealbhóirí tí a bhuailear ag tuilte.

D'fhógair an Rialtas freisin go bhfuil an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an OPW agus Údaráis Áitiúla, fós ag fiosrú, ar bhonn aonair an féidir tabhairt faoi aon oibreacha leasúcháin chun na foirgnimh fheirme sin a chosaint a chuaigh faoi uisce arís an Geimhreadh seo caite chun bonn eolais a chur faoi scéim um Athlonnú Deonach Foirgneamh Feirme.

Conclúid

Ní thar oíche a bheidh an Rialtas in ann na fadhbanna tuilte go léir a réiteach agus níos tábhachtaí fós, ní féidir leis é a dhéanamh ina

aonar. Tá daoine agus pobail ag teastáil chun ról a ghlacadh agus sin teachtaireacht ríthábhachtach an fheachtas ‘Bí Ullamh don Gheimhreadh’ inniu.

Tá an seoladh inniu dírithe ar fheasacht a chothú i measc daoine agus pobal agus an t-eolas ábhartha a chur ar fáil dóibh chun tacú lena gcuid pleananna um riosca tuilte.

Táim féin agus mo chuid comhghleacaithe an-sásta tacú leis an tionscnamh seo.